An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council



# Conas a bheith i do **mhúinteoir breisoideachais**

Eanáir 2026

# Conas a bheith i do **mhúinteoir breisoideachais**

Chun a bheith i do mhúinteoir breisoideachais in Éirinn, tá **dhá rogha** agat:

**An chéad rogha** ná fochéim nó cáilíocht chomhionann a bhfuil luach creidiúna 180 ECTS ar a laghad léi a bhaint amach ag Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

**NÓ**

Is é an rogha eile ná fochéim Leibhéil 7 nó cáilíocht chomhionann ar an CNC a bhfuil luach creidiúna 180 ar a laghad léi a bhaint amach **AGUS** fianaise a thabhairt maidir le:

i. Cáilíocht bhreise chuí, **NÓ**

ii. Taithí iarcháilíochta trí bliana ar a laghad in ionad oibre nó i suíomh teagaisc atá ábhartha don cháilíocht/do na cáilíochtaí.

**AGUS**

Cáilíocht Oideachais Múinteora (COM) sa Bhreisoideachas atá creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bhaint amach.

**An dara rogha** ná cáilíocht fochéime oideachais múinteora sa Bhreisoideachas a bhaint amach, atá creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Is iad OCBÁC agus SETU a chuireann na céimeanna sin ar fáil faoi láthair agus tá siad liostaithe ar leathanach 3.

Le haghaidh mionsonraí iomlána faoi na riachtanais cháilíochta, féach **www.teachingcouncil.ie**

**An dá rogha atá ar fáil**

**Rogha 1**

**Céim Leibhéil 8 le 180 ECTS** ar a laghad

**NÓ**

**Céim Leibhéil 7 le 180 ECTS ar a laghad, agus aon cheann acu seo a leanas**

Cáilíocht bhreise chuí

**NÓ**

Taithí iarcháilíochta trí bliana in ionad oibre nó i suíomh teagaisc atá ábhartha don cháilíocht/do na cáilíochtaí

↓

**Cáilíocht Oideachais Múinteoirí a Bhaint Amach (féach leathanach 3)**

↓

**Clárú Iomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta**

**Rogha 2**

Clár fochéime creidiúnaithe oideachais múinteora a bhaint amach

Á thairiscint faoi láthair ag OCBÁC agus ag SETU **(féach leathanach 3)**

↓

**Clárú Iomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta**



# Cláir chreidiúnaithe oideachais tosaigh múinteoirí le haghaidh an **bhreisoideachais**

**Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**
Baitsiléir Eolaíochta san Oideachas agus Oiliúint (Breisoideachas agus Oideachas Aosach agus Leanúnach)

**Institiúid Oideachais Marino**
Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas)


**Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach**
Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas)

**Ollscoil Mhá Nuad**
Ard-Dioplóma sa Bhreisoideachas

**Coláiste Náisiúnta na hÉireann**
Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i gCleachtas Oideachasúil, i Múinteoireacht sa Bhreisoideachas

**Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt**
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Múinteoireacht sa Bhreisoideachas agus san Oideachas Aosach
Dioplóma Iarchéime i Múinteoireacht sa Bhreisoideachas (L/A)
Dioplóma Iarchéime i Múinteoireacht sa Bhreisoideachas (P/A)

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
Dioplóma Iarchéime sa Bhreisoideachas Aosach agus in Oideachas an Phobail




An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Pointí ar gá machnamh a dhéanamh orthu

1. Déan cinnte suíomh gréasáin gach soláthraí a sheiceáil chun a bpróiseas iarratais a thuiscint.
2. Mar is amhlaidh le gach cúrsa, ní mór duit na riachtanais iontrála ar fad atá leagtha síos ag an soláthraí a chomhlíonadh i do bhliain iontrála. Sula gcuirfidh tú iarratas isteach, déan cinnte an liosta iomlán de na riachtanais iontrála a sheiceáil, mar go bhféadfaidís a bheith éagsúil idir na soláthraithe.
3. Chun críche clárúcháin, ní mór duit a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilíochta go léir mar atá leagtha amach ar leathanach 2 den bhileog seo. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach **www.teachingcouncil.ie**

Is clár maoinithe é an **Clár le haghaidh Rochtana ar an Ardoideachas (PATH)** a dearadh chun tacú le cláir oideachais tosaigh múinteoirí agus rochtain mhéadaithe orthu a sholáthar do ghrúpaí áirithe daoine. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach **www.studentfinance.ie**.

## Cá háit ar féidir liom fostaíocht a lorg?

Is féidir mionsonraí maidir le hearcú agus le fostaíocht múinteoirí a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige:

» **www.gov.ie/TeachingTransforms**

## Cá háit ar féidir liom teacht ar thuilleadh faisnéise?

Cuireann an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faisnéis úsáideach ar fáil ar a suíomh gréasáin. Féach **www.gov.ie**

Bainistíonn SOLAS raon clár Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a bheith rathúil i margadh an tsaothair agus rath a bheith orthu sa tsochaí. Féach **www.solas.ie**

Cuirtear faisnéis maidir le clárú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Féach **www.teachingcouncil.ie**

Freastalaíonn foireann na Comhairle Múinteoireachta agus na Roinne Oideachais agus Óige go rialta ar aontaí gairme i gcoláistí agus in ollscoileanna. Coinnigh súil ar leathanaigh shóisialta le haghaidh nuashonruithe maidir le himeachtaí **@teachingcouncil / @Education_Ire**

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Mhúinteoireachta trí ríomhphost a sheoladh chuig **info@teachingcouncil.ie** nó glaoch a chur ar **01 651 7900**.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council